

Cruinniú an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh Dé Céadaoin,

21^ú Feabhra 2018, sa Phríomh-Oifig Staidrimh Sórd ag 10am

I láthair:

Aideen Sheehan,	An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt*
Bríd Ní Chonghaile,	An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta
Nicola Tickner,	An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige*
Deirdre Cullen,	An Roinn Oideachais agus Scileanna*
Alan Cahill,	An Roinn Sláinte*
George Hussey,	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Cormac Nolan,	An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta*
Margaret McConnon,	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Martina Shaughnessy,	Roinn an Taoisigh
Barry Colleary,	An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)
An Dr. Conor O'Toole,	Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta
Laurence Bond,	An Coimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais (IHREC)
David Howard,	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
An Dr. Grainne Collins,	Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA)
Hugh Kerr,	Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (NISRA)
Rob Kitchin,	AIRO (ONÉ Mhaigh Nua)
Una Ní Dhubhghaill,	Oifig um Chur chun Cinn Chuimsiú Imirceach
Daniel O'Callaghan	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe	

Foireann na Príomh-Oifige Staidrimh

Richie McMahon	Cormac Halpin	Diarmuid Reidy	Declan Smyth
Eoin Whelan	Kathleen Hanney	Eileen Murphy	Brendan Murphy
Marcella Joyce	Sinéad McGarvey		

Leithscéalta

Laura Bambrick,	Comhdháil na gCeardchumann
An Clr. Damien Geoghegan,	Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann
John Manning,	Pobal

☐ Tá an t-ionadaíoch ar iasacht ón bPríomh-Oifig Staidrimh chuig an roinn rialtais faoi láthair

Fáilte/Forbhreathnú

Chuir Richie McMahon fáilte roimh gach duine thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh, thug cuntas gairid ar an gclár oibre agus ar chuspóir an chruinnithe. Tar éis eolas tosaigh a thabhairt go gairid labhair sé faoi luach an Daonáirimh agus faoi na srianta éagsúla ina ndéantar é. Ansin d'iarr sé faomhadh ón ngrúpa do mhiontuairiscí an chéad chruinnithe a bhí ag an nGrúpa Comhairleach Daonáirimh i mí na Nollag agus fuair sé é. Thug Richie aitheantas leis, don méid mór oibre atá déanta go dtí seo chun dréacht-cheistneoirí Daonáirimh a fhorbairt don bhabhta Píolótach agus luaigh sé na pléite déthaobhacha a bhí ag an bPríomh-Oifig Staidrimh le heagraíochtaí Náisiúnta lena mbaineann agus le hOifigí Staidrimh Náisiúnta eile.

Lena chois sin thagair Cormac Halpin go sonrach do mhéid na hoibre atá déanta go dtí seo agus d'admhaigh sé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta. Bhí fonn mór air tuairimí ar na forbairtí atá bainte amach go dtí seo a fháil. Dhírigh Cormac ard ar na haighneachtaí agus fuair sé deimhniú ón ngrúpa gur léadh iad go léir. Mhínigh sé an leibhéal suntasach athraithe sa cheistneoir, rud lena n-áirítear go bhféadfaí 10 gceist nua a chur leis, chomh maith le mórán athruithe laistigh de cheisteanna atá ann cheana féin. Lena chois sin luaigh sé na haighneachtaí breise/forlíontacha a fuarthas ón gcruinniú deireanach. De bhreis air seo luaigh Cormac 3 cheist nach bhfuil san áireamh sa bhabhta Píolótach (Teangacha eile a labhraítear sa bhaile, Réimse staidéir agus Líon na leanaí a rugadh) agus dúirt sé nach gcuireann sin cosc orthu maidir le Daonáireamh 2021. Lean sé ar aghaidh ag rá go molann an Phríomh-Oifig Staidrimh tástáil a dhéanamh ar dhá leagan den gceistneoir Daonáirimh sa bhabhta Píolótach. Beidh an fhoirm ghorm (Foirm A) cóngarach don bhfoirm chóimheasa agus beidh sé go maith cosúil le foirm Dhaonáirimh 2016 agus beidh an fhoirm bhándearg (Foirm B) ina foirm thástála agus beidh níos mó athruithe inti i gcomhair a dtástála.

Ceisteanna faoi Thithíocht

Cineál Cóiríochta & Bliain inár tógadh

Rinneadh méid áirithe plé ar na ceisteanna seo agus faoi úsáid logeolaire chun faisnéis fhorlíontach a chur leis na sonraí don gceist faoin mbliain inár tógadh.

Beart - Cé gur measadh roimhe nach ndéanfaí an dá cheist a thástáil tá moladh déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh iad a choinneáil mar cheisteanna cóimheasa, rud a comhaontaíodh. Coinneofar an dá cheist i bhFoirm A agus coinneofar cineál cóiríochta i bhFoirm B amháin.

Cineál Seilbhe

Mar fhreagra ar aighneachtaí mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh roinnt athruithe ar fhocláíocht na ceiste i bhfoirm B mar seo a leanas: 'Comhairle Chontae' nó 'Comhairle Cathrach' a chur in ionad údarás áitiúil 'Cumann

Tithíochta/Comharchumann Tithíochta' a chur in ionad Comhlacht tithíochta Deonach/Comhoibritheach. Coinneofar an cheist a bhí i nDaonáireamh 2016 mar cheist cóimheasa i bhFoirm A.

Beart – Comhaontaíodh an cur chuige thuas ag an ngrúpa.

Cíos agus ceist nua ar mhorgáiste

Ar bhonn aighneachtaí mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh an chatagóir 'in aghaidh na bliana' a bhaint. Ansin rinneadh plé ar cheist faoi íocaíochtaí morgáiste a chur isteach agus faoi dul sa tóir ar sonraí morgáiste trí fhoinsí riaracháin. Rinne Richie tagairt d'aonad an tSuirbhé Theaghlaigh freisin agus na deacrachtaí ar tugadh aghaidh orthu leis an réimse seo.

Mheabhraigh an grúpa gurbh fhiú triail a bhaint as ceist mhorgáiste i bhfianaise an luacha a d'fhéadfaí a bhaint as sonraí a bhfaighfí as.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa 'in aghaidh na bliana' a bhaint san dá fhoirm agus ceist faoi íocaíocht morgáiste a chur isteach i bhFoirm B amháin.

Seomraí

Ar bhonn na n-aighneachtaí a fuarthas mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh boscaí téacs a chur isteach chun líon na seomraí leapa a aimsiú, rud is féidir a úsáid chun plódú i dteaghlaigh a thomhas.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa rogha an líon seomra leapa a chur isteach san dá fhoirm.

Téamh Lárnach

Tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le Rannóg Staitisticí Comhshaoil na Príomh-Oifige Staidrimh mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh catagóir eile, "nasc chuig téamh ceantair" a úsáidtear ar mhór-roinn na hEorpa agus mbainfear níos mó úsáide as in Éirinn de réir a chéile.

Beart - Comhaontaíodh an catagóir bhreise a chur isteach i bhFoirm B amháin.

An Cheist faoi Uisce

Tar éis pléite leis an nGrúpa Stiúrtha um Staitisticí Uisce a bhfuil an Phríomh-Oifig Staidrimh ina ball de chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist i láthair inar coinnítear gach catagóir ach tá an fhoclaíocht níos simplí.

Beart - Comhaontaíodh an fhoclaíocht nua a thástáil ar an dá fhoirm.

Gluaisteáin

Beart - ghlac an grúpa le hathrú molta, is é sin, aistriú chuig bosca scríobh-isteach a úsáid ar an dá fhoirm.

TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist athbhreithnithe mar thoradh ar réimse aighneachtaí ar an ábhar seo agus

mothú ginearálta gur chóir an cheist a thabhairt cothrom le dáta. Mar chuid den bpróiseas d'iarr an Phríomh-Oifig Staidrimh rannchuidiú ó rannóga inmheánacha suirbhé agus ón Roinn Cumarsáide. Rinneadh roinnt plé ar na catagóirí, an fhocláíocht faoi ghuthán cliste agus guthán soghluaiste san áireamh. Comhaontaíodh gur chóir athscrúdú a dhéanamh ar shuíomh Wi-Fi laistigh den gceist.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa 'internet cable' a chur isteach agus Wi-fi agus 'smart phone' a bhaint as an tuairisceoir sa chatagóir. Déanfar an cheist athbhreithnithe seo a thástáil ar an dá fhoirm.

Nuair a bhí na hathruithe comhaontaithe uile curtha isteach do na ceisteanna tithíochta mheas an Phríomh-Oifig Staidrimh go raibh slí ann chun tuilleadh ceisteanna a thástáil. Agus an méid seo á ghlacadh san áireamh aici rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh athscrúdú ar na haighneachtaí tithíochta agus molann sí anois dhá cheist dhifriúla ar Fhuinneamh Inathnuaite agus Aláraim Deataigh a thástáil.

Nua - Fuinneamh Inathnuaite

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún um Fhorbairt an Iarthair, le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le Rannóg Staitisticí Comhshaoil na Príomh-Oifige Staidrimh chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist faoi fhuinneamh inathnuaite i láthair. Rinneadh a lán plé faoi seo, catagóir sorn adhmaid, cúlchoire adhmaid agus a suímh chearta laistigh de Q6 agus Q7 san áireamh. Comhaontaíodh áfach, adhmaid a chur san áireamh mar rogha san dá cheist.

Beart - Comhaontaíodh gur chóir don bPríomh-Oifig Staidrimh leanúint ar aghaidh leis an gceist san dá fhoirm.

Nua - Aláraim Deataigh

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh an cheist faoi aláraim deataigh i láthair agus comhaontaíodh an cheist a thástáil mar bhíodhas den tuairim go bhféadfadh sí a bheith ina foinse shaibhir sonraí má chuirtear i gcomparáid le hathrógá eile iad.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa an cheist faoi aláraim deataigh a thástáil san dá fhoirm.

Ceisteanna aonair

Ainm

D'fhonn gabháil fheabhsaithe ainmneacha a éascú, rud a bhféadfadh tábhacht ag baint leis maidir le feabhas a chur ar ionchorprúsonraí riaracháin sa phróiseas Daonáirimh, mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh roinnt athruithe ar na boscaí téacs. Ar na hathruithe áirítear: Foirm A - céadainm agus sloinne i dtrí shraith de bhoscaí téacs agus Foirm B - dhá shraith dhúbailte arna ndeighilt i gcomhair céadainm agus sloinne.

Beart - Bhíodhas ar aon aigne faoi na hathruithe thuas.

Dáta Breithe/Aois - Níor moladh aon athruithe

Inscne

Thug Richie an t-eolas is deireanaí don grúpa faoi phleananna ceist nua faoi fhéiniúlacht inscne a thástáil laistigh den suirbhé ar Lucht Saothair, le tuairimí a bheith á lorg ó gheallshealbhóirí. Bhí an Phríomh-Oifig Staidrimh sásta an fhéidearthacht a fhiosrú treoir a thabhairt sna nótaí míniúcháin nó ar ár suíomh gréasáin dóibh siúd nach bhfuil ar a gcumas ceachtar den dá rogha faoi mar atá siad á gcur i láthair a chomhlánú.

Beart - Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an obair leantach mar a cuireadh in iúl.

An cheist faoi ghaol

D'fhonn slí a dhéanamh mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá chatagóir a bhaint - seantuismitheoir agus cliamhán/banchliamhán. Níl na catagóirí seo riachtanach faoi rialúchán AE. Bhí an Phríomh-Oifig Staidrimh den tuairim nach n-oibreodh an chatagóir tionónta (mar a bhí san aighneacht) sa cheist faoi ghaol agus mhol siad ceist ar leith a dhéanamh dó. I ndiaidh na catagóirí a fhágáil ar lár a phlé comhaontaíodh na hathruithe.

Beart - Bhíothas ar aon aigne faoi leanúint ar aghaidh leis na hathruithe ar an dá fhoirm.

Áit Breithe

D'fhonn éifeachtúlachtaí próiseála a fháil mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh an tríú sraith de bhoscaí téacs a bhaint agus an téacs a nascadh chun sraith dhúbailte de bhoscaí téacs a thairiscint chun Contae nó Tír a scríobh isteach mar is cuí.

Beart - Leanúint ar aghaidh leis an athrú comhaontaithe i bhFoirm B amháin. Stádas Pósta Reatha – Níl aon athruithe molta. Gnáthchónaí agus Gnáthchónaí Bliain ó Shin - Níl aon athruithe molta.

Nua - Tionónta

Mar fhreagairt d'aighneachtaí chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh an cheist i láthair 'An tionónta tú ag do ghnáthsheoladh?'

Beart - Comhaontú an cheist a thástáil ar an dá fhoirm.

Bhí cónaí air/uirthi lasmuigh den bpoblacht.

D'fhonn cáilíocht na sonraí a fhaightear ar an gceist seo a fheabhsú mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh an focal 'ever' (riamh) a chur

i bhfoclaíocht na ceiste. 'An raibh tú i do chónaí riamh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh breis is aon bhliain amháin?'

Beart - Chomhaontaigh an grúpa an t-athrú ar an bhfoclaíocht seo a thástáil ar an dá fhoirm.

Náisiúntacht, Saoránacht

Tá coincheap na saoránachta tábhachtach do staitisticí déimeagrafacha agus dá bhrí sin molann an Phríomh-Oifig Staidrimh an an cheist seo a leanas “Cad í tír do shaoránachta? “ Rinneadh plé faoin ábhar seo agus moladh an treoir seo a leanas a chur san áireamh sa cheist ‘*má tá dá thír saoránachta agat luaigh an dá cheann, le do thoil*’.

Beart - Comhaontaíodh ceist na saoránachta agus an moladh faoi shaoránacht dhúbailte a chur san áireamh ar Fhoirm B, agus an cheist faoi náisiúntachta a choinneáil ar Fhoirm A.

Eitneacht

Molann an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil nuashonrú ar an gceist ag teastáil ach gan dearmad a dhéanamh nach mór inchomparáideacht a choinneáil thar am chomh maith leis an leibhéal éilimh ón úsáideoir. I ndiaidh na bpléite seo ag cruinniú an fhoghrúpa eitneachta chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh na roghanna seo a leanas i láthair:

Foirm A, a comhaontaíodh ag an bhfoghrúpa eitneachta agus a raibh 4 eitneacht sa mbreis inti chun go raibh 12 cheann inti san iomlán (‘other’ san áireamh).

Ina dhiaidh sin, de bharr go mb’fhéidir nach bhféadfaí grúpaí eitneacha áirithe a shainiú go cruinn trí fhormáid na ceiste ar Fhoirm A, mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh:

Foirm B - tugtar deis uirthi don bhfreagróir cur síos a dhéanamh ar a (h)eitneacht trí sraith dhúbailte de bhoscaí scríobh-isteach a chur ar fáil faoi ‘eile’ laistigh de ghrúpálacha A, B & C (tá an rogha ar fáil cheana féin sa ghrúpáil D). Mar thoradh ar an athrú seo bheadh gá le laghdú síos go 10 n-eitneacht, áfach.

Rinneadh plé faoin ábhar seo agus díriodh ar mhéid na ceiste agus cad a d’fhéadfaí a fhágáil ar lár d’fhonn spás a dhéanamh di. Lena chois sin pléadh úsáid an fhocail ‘background’ agus na costais phróiseála breise a d’fhéadfadh a bheith i gceist, freisin. Lena chois sin phléigh an grúpa foclaíocht na ceiste agus luaigh sé iarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann dá dteipfeadh ar an gceist sa tástáil. Rinneadh moladh méid an ‘other’ a laghdú síos go sraith boscaí téacs amháin.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa an dá leagan difriúil a thástáil.

Foirm A - Leagan difriúil mar a comhaontaíodh ag an bhfoghrúpa eitneachta.

Foirm B - Tá rogha scríobh-isteach inti laistigh de gach bosca ‘other’ ach níl ach sraith amháin sna grúpálacha A, B & C mar a moladh, agus tá sé laghdaithe síos go 10 n-eitneacht.

Reiligiún

Thug Cormac an t-eolas is deireanaí don ngrúpa ar chruinniú an fhoghrúpa ar reiligiún. Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá dhréacht-cheist ag an gcruinniú seo. Chuir Diarmuid leis an méid a bhí ráite ag Cormac agus dúirt sé go ndearnadh a lán plé ar na ceisteanna agus gur chuir gach ball den bhfoghrúpa rud éigin leis agus mhínigh sé tuairimí na mball don ngrúpa. Tugadh iarratas ó Atheist Ireland ar tuilleadh eolais a chur le miontuairiscí an fhoghrúpa faoi deara freisin. Phléigh an grúpa (Grúpa Comhairleach Daonáirimh) na ceisteanna molta agus féachadh go háirithe ar ‘if any’ a chur isteach agus ar an áit a dtabharfaí do ‘no religion’ laistigh den gceist atá molta d’Fhoirm A.

Beart - Comhaontú dá leagan nua na ceiste faoi reiligiún a thástáil sa bhabhta Píolótach leis an rogha 'No religion' ar bharr an liosta catagóire i bhFoirm A agus na focail 'if any' sa bheith san áireamh i bhfoclaíocht na ceiste.

Scríobh isteach líon na leanaí a rugadh

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh gan an cheist seo a chur san áireamh i gceachtar den dá fhoirm Phíolótach. Thabharfaí faoi na haighneachtaí maidir le leanaí marbh-bheirthe agus tuismitheoirí neamhchónaitheacha i gcomhthéacs an taisceadáin todhcháí.

An Ghaeilge

Mhínigh Bríd Ní Chonghaile, ionadaí ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta seasamh na roinne maidir leis an gceist, le tagairt do bheartas an rialtais. D'iarr sí tomhas ar an méid Gaeilge a labhraítear sa bhaile. Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist a dhéanadh an leibhéal líofachta a thomhas.

Beart - Comhaontaíodh go gcuirfeadh an Phríomh-Oifig Staidrimh an cheist chun líofacht a thomhas isteach agus go bpléifeadh sí tuilleadh athruithe go déthaobhach leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. An t-Eolas is deireanaí 14/03/2018. Ar iarratas ón Roinn cuireann an Phríomh-Oifig Staidrimh an dá cheist seo a leanas isteach:

- 1. An cheist 'An í an Ghaeilge an phríomhtheanga a labhraíonn do theaghlach? is í / ní hí a chur san áireamh sna ceisteanna teaghlaigh.**
- 2. 'Ar fháis tú aníos i dteaghlach inar labhraíodh an Ghaeilge ar phríomh-theanga labhartha?' D'fhás/níor fhás (freagróirí os cionn 18 amháin). Déanfar an dá cheist a thástáil ar an dá fhoirm.**

Míchumas (2 Cheist)

Mar thoradh ar mholtaí a rinne an foghrúpa Míchumais agus Sláinte mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh na ceisteanna ar mhíchumas a bhí ann in 2016 a choinneáil mar chóimheas (Foirm A) agus mhol sí leagan nua de na ceisteanna (Foirm B) a thástáil mar a bhí comhaontaithe ag an bhfoghrúpa. I ndiaidh roinnt plé moladh cúram leanaí a chur le rogha C sa dara cheist.

Chuir an t-ionadaí ar an Údarás Náisiúnta Míchumais in iúl gur mhaith léi dul i gcomhairle le comhghleacaithe sula molfadh sí an t-athrú seo. Rinneadh moladh an focal 'a' a chur in ionad 'any' sa cheist céanna. Rinneadh tuilleadh plé faoi thástáil agus measúnú ar an gceist agus conas leanúint ar aghaidh má mheastar nár éirigh léi. Rinneadh moladh leis, 'meabhairshláinte' a chur san áireamh san dá Fhoirm.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa leanúint ar aghaidh leis an dá mholadh ('a' in ionad 'any' agus meabhairshláinte san dá fhoirm. Beidh Foirm A go mór mór mar a bhí sí in 2016 agus ba Fhoirm B é an leagan nua a comhaontaíodh ag an ngrúpa míchumais. Chomhaontaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais moladh a chur faoi bhráid na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le 'childcare' a chur san áireamh i Rogha C sa dara cheist. An tEolas is deireanaí (07/03/18) D'iarr an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gan childcare a chur isteach. Chomhaontaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh leis iarratas seo agus dréachtóidh sí an cheist dá réir.

Sláinte/Caitheamh Tobac

Pléadh an cheist faoi shláinte ag an bhfoghrúpa míchumais. Mhol an foghrúpa féachaint ar cheist faoi chaitheamh tobac a chur isteach, b'fhéidir. Ar an mbonn seo chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh dréacht-cheist i láthair 'An gcaitheann tú táirgí tobac', le rogha 4 fhreagra. Thug an t-ionadaí ón Roinn Sláinte beagán eolais ar chúlra an tionchair a imríonn caitheamh tobac ar an eacnamaíocht agus ar a mhiondealú déimeagrafach agus ar na tairbhí a ghabhann le sonraí logánta. Rinneadh plé leis, ar an suirbhé sláinte a bheidh ar siúl an bhliain seo chugainn.

Beart - Comhaontaíodh an cheist sláinte a choinneáil agus ceist nua ar chaitheamh tobac a thástáil san dá fhoirm Phíolótach.

Foireann na gCeisteanna faoi Iompar

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá leagan de na ceisteanna, ceisteanna 2016 ar Fhoirm A le haon athrú amháin, 'childcare' a chur i bhfoclaíocht na ceiste. Cuireadh Foirm B i láthair leis na moltaí seo a leanas:

- Scagaire a chur leis roimh an cheist *'If NOT at work, school, college or childcare go to Q24'*, chun nach mbeidh gá leis an gcatagóir seo a thabhairt i ngach ceist ar thaisteal a leanann í.
- 'Childcare' a chur i bhfoclaíocht na gceisteanna.
- 'Van' a chur sa chatagóir 'other, including lorry'
- Athrú chuig bosca scríobh-isteach a úsáid don am ag a bhfágtar an baile.
- Lena chois sin moladh an focal 'work' a fhágáil ar lár ón gcatagóir deireanach sa cheist faoi thaisteal chuig an obair. Is é a léitear anois ná *'mainly at or from home'*
- Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist nua ar 'what time do you usually arrive home?'

Rinneadh plé ar an ábhar lena n-áirítear na dúshláin de bharr amanna tosaithe difriúla, daoine a bhailiú nó a fhágáil ar an mbealach agus iad siúd a úsáideann iompar il-mhodha. D'ardaigh ionadaí ar an Údarás Náisiúnta Iompair an t-ábhar 'ag obair ón mbaile'.

Beart - Comhaontaíodh na ceisteanna a thástáil mar a moladh. An t-Eolas is deireanaí: Tar éis pléite leis an Údarás Náisiúnta Iompair moltar ag an bpointe seo an t-am a fhágann tú d'áit oibre/oideachais seachas an t-am a sroicheann tú an baile a chur isteach.

Cúramóirí

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá rogha i láthair. Bhí an chéad cheann bunaithe ar cheist na bliana 2016 leis na focail bhreise 'support', 'neighbour' agus 'ceist sláinte' sa bhfoclaíocht chun cur le cuimsitheacht na ceiste. Lena chois sin tugadh níos mó treorach mionsonraithe maidir leis na huaireanta a líonadh isteach, mar seo a leanas "Care provided on a 24 hour basis, 7 days a week equates to 168 hours". Bhí an dara cheist a moladh bunaithe ar Shuirbhé Sláinte na hÉireann (Foirm B). Rinneadh plé ar an dá rogha agus cinneadh an cheist mar atá sí ar Fhoirm B a fhágáil ar lár agus an fhoclaíocht céanna a úsáid ar an dá fhoirm. Rinneadh moladh an focal 'disability' a bhogadh chuig deireadh na ceiste mar d'fhéadfaí léirmhíniú sriantach a thabhairt ar an bhfoclaíocht dhréachtaithe.

Beart - Comhaontaíodh an cheist céanna a úsáid ar an dá Fhoirm le hord nua a chur ar an bhfocal 'disability' laistigh den gceist mar atá thuas. Ar Fhoirm B cinneadh áfach rogha a chur isteach chun gur féidir a chur in iúl más ball den teaghlach an duine dá tugtar cúram.

Nua - Saorálaithe

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá rogha i láthair tar éis dul i gcomhairle le Volunteer Ireland. Tar éis plé a dhéanamh air bhí an grúpa den tuairim go raibh an cheist ro- 'oscailte' de bharr an nath 'helping out' a úsáid agus toisc gan aon pharaiméadar ama a bheith ann i gcur-le-chéile na ceiste. Rinneadh moladh an focal 'regularly' a chur isteach agus an fhocláocht athráite 'helping or voluntary work' a fhágáil ar lár sna catagóir agus é a oibriú isteach sa cheist ina ionad sin.

Beart - Comhaontaíodh an cheist céanna a úsáid ar an dá fhoirm agus glacadh leis na moltaí thuas.

An Leibhéal Oideachais is Airde

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh dhá rogha i láthair ach bhí níos lú samplaí tacaíochta san dá cheann ná mar a bhí i leagan 2016. I ndiaidh pléite cinneadh Foirm B a chiorrú tuilleadh tríd an bhfocal 'level' tar éis 'NFQ' a bhaint as an míniú i ngach catagóir.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa na samplaí a bhaint san dá fhoirm agus an focal 'leibhéal' i ndiaidh 'NFQ' a bhaint i bhFoirm B amháin mar a moladh.

Príomhstádas Eacnamaíochta (PES)

Mar fhreagairt d'aighneacht chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh leagan nua den gceist seo i láthair ar fhoirm B ina ndearnadh fo-aicmiú ar dhaoine neamhfhostaithe i 2 chatagóir A) faoi bhun 12 mhí agus B) níos mó ná 12 mhí.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa na hathruithe mar a moladh agus iad a thástáil ar Fhoirm B. Coinneofar leagan 2016 ar fhoirm A mar chóimheas.

Stádas Fostaíochta

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh an leagan reatha den cheist a choinneáil mar chóimheas i bhFoirm A. Cuireadh Foirm B i láthair leis an gceist céanna ach bhí an méid seo curtha leis 'Is (was) your status full-time/part-time?' agus cuireadh dhá rogha ticbhosca leis i gcomhair lánaimseartha nó páirtaimseartha.

Beart - D'aontaigh an grúpa leis na ceisteanna mar a cuireadh i láthair iad, agus thug an cheist bhreise ar Fhoirm B faoi deara.

Nua - Ag obair ón mBaile

Phléigh an grúpa formáid ceiste nua mholta ar obair ón mbaile agus cé chomh oiriúnach agus atá sé í a chur san áireamh san dá leagan ar an bhfoirm phíolótach. Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh an cheist nua a thástáil ar Fhoirm B ar ar gabhadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an duine ag obair ón mbaile agus líon na laethanta ar a ndéantar obair.

Beart - D'aontaigh an grúpa leis an moladh seo agus le tástáil a dhéanamh ar Fhoirm B.

Slí Bheatha

D'fhonn slí a dhéanamh chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist 2016 i láthair le míniúcháin ghiorraithe ar an dá fhoirm agus ceann amháin de na sraith de bhoscaí téacs bainte, agus dhá shraith arna gcoinneáil. Lena chois sin mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh ticbhosca nua i gcomhair acraí (de bhreis ar heicteáir) le spás do dheachúlacha sna boscaí téacs seo.

Beart - Chinn an grúpa an míniú giorraithe agus na moltaí maidir le boscaí téacs a choinneáil ar an dá fhoirm. Cinneadh leis an moladh maidir le hacraí a chur san áireamh ar Fhoirm B amháin, gan spás do dheachúlacha a thabhairt, áfach.

Tionscal

D'fhonn slí a dhéanamh mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh an tríú sraith de bhoscaí téacs a bhaint san dá fhoirm.

Beart – Comhaontaíodh an t-athrú ag an ngrúpa.

Seoltaí Áit Oibre

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh 'childcare' a chur isteach sa cheist leis na treoracha seo: *'If you are in both school and childcare, write in the address of your school'*. Lena chois sin mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh an focal 'work' a bhaint den ticbhosca 'work mainly at or from home' atá suite faoi bhun boscaí scríobh-isteach. Rinneadh moladh tomhas i dtaobh cad iad na laethanta ar a n-oibríonn an freagróir ón mbaile chur isteach. Measadh áfach go spreagfadh sé seo torthaí frithráiteacha.

Beart - Chomhaontaigh an grúpa na píosaí faoi chúram leanaí a chur isteach sa cheist mar a míníodh thuas agus go dtaispeánfaí an moladh faoin téacs ticbhosca san dá fhoirm.

Nua - Ceist faoi Chúram Leanaí

Mar fhreagairt d'aighneachtaí sa réimse seo chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist nua i láthair ag a bhfuil an fhormaid céanna ar an dá fhoirm. Rinneadh moladh go mb'fhéidir go mbeadh gá le catagóir 4 'Au pair/Nanny/Feighlí Linbh (i mbaile an linbh) a dheighilt amach ina catagóirí ar leith.

Beart - Comhaontaíodh an cheist ag brath ar ghealltanas na Príomh-Oifige Staidrimh teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Leanaí faoin tsaincheist a ardaíodh thuas. An t-Eolas is deireanaí: 27/02/2018 Tá deimhnithe ag an Roinn nach dóigh leo go mbeidh aon deacrachtaí ann agus tá siad sásta leanúint ar aghaidh leis an gceist. Déanfar an cheist seo a thástáil ar an dá fhoirm.

Daoine as láthair

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist faoi náisiúntacht agus saoránacht a chur i liosta na gceisteanna do dhaoine as láthair ar Fhoirmeacha A agus B faoi seach.

Beart – Comhaontaíodh an cur chuige seo ag an ngrúpa.

Taisceadán todhchaí/Bosca téacs saor

Mar fhreagairt d'aighneachtaí mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh úsáid a bhaint as spás ar leathanach deiridh an cheistneora (P23 ar fhoirm 2016) chun 'Taisceadán Todhchaí' a chur san áireamh. Is é an chuspóir atá leis ná éascaíocht a dhéanamh do dhaoine teachtaireacht nó nóta a bhreacadh dá sliocthaigh / taighdeoirí amach anseo a eiseofar i gceann 100 bliana de réir an Acht Staidrimh 1993. Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhféadfaí úsáid a bhaint as seo chun faisnéis a chur i dtaifead i gcomhthéacs na n-aighneachtaí a rinneadh i réimsí na tuismitheoireachta neamhchónaithí agus leanaí marbh-bheirte. Thacaigh an grúpa leis an moladh tríd is tríd, agus níl sé beartaithe i gcomhair úsáide mar uirlis staitistiúil. Rinneadh roinnt plé faoin rud seo agus faoi phraiticiúlacht maidir lena thástáil sa bhabhta Píolótach. Rinneadh moladh foirm amháin a úsáid i gcomhair aiseolais amháin agus an ceann eile mar thaisceadán todhchaí.

Beart - Féachfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar seo a thástáil sa bhabhta Píolótach. An t-Eolas is deireanaí: I ndiaidh pléite inmheánacha mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh cur síos mar choinneálaí áite ar an taisceadán todhchaí agus bunús leis a chur isteach i bhFoirm A agus B araon. Iarrfar ar fhreagróirí an leagain píolótaigh cé acu an mbainfidís nó nach mbainfidís úsáid as an Taisceadán Todhchaí dá mba rud é go gcuirfí ar fáil é i nDaonáireamh 2021.

Chuir seo deireadh leis an bplé ar ábhar an cheistneora.

An tEolas is Deireanaí ón Réimse

Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh cuntas ar an eolas is deireanaí ar ainmniú ceantar áirimh an bhabhta Phíolótaigh agus an oibriúchán réimse a ghabhann leis.

Na chéad chéimeanna eile

- Beidh na cainteanna déthaobhacha ar siúl mar a luadh.
- Scaipfear na miontuairiscí.
- Reáchtálfar an babhta píolótach i mí Mheán Fómhair na bliana seo.
- Déanfar anailís ar na sonraí a ghabhfar sa bhabhta Píolótach agus déanfar tuairisc agus scaipfear ar bhail an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh í i Ráithe 1 2019 mar aon le dréacht-mholtaí ar ábhar Daonáirimh 2021.
- Tiocfaidh an Grúpa Comhairleach Daonáirimh le chéile arís i mí Feabhra nó mí Mhárta 2019 chun an tuarascáil a phlé agus comhairle a thabhairt ar an ábhar deiridh.
- Cuirfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an fhoirm chomhaontaithe i gcomhair Daonáirimh 2021 isteach chun faomhadh ón rialtas a fháil di.